BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra Méadaithe)

5 Feabhra 2025*

(Dlí institiúideach – Neamhghéilleadh páirteach d'ordú ón gCúirt Bhreithiúnais lena bhfógraítear urghaire idirlinne in imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain Stáit ina oibleagáidí a chomhlíonadh – Ceanglas maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil – Aisghabháil fiacha trí fhritháireamh – Airteagal 101(1) agus Airteagal 102 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 – Dlínse na Cúirte Ginearálta)

I gCásanna T-830/22 agus T-156/23,

Poblacht na Polainne, arna hionadú ag B. Majczyna agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

v

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag O. Verheecke, J. Estrada de Solà agus K. Herrmann, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Marcoulli, Uachtarán, J. Schwarcz, V. Tomljenović, W. Valasidis (Rapóirtéir) agus L. Spangsberg Grønfeldt, Breithiúna,

Cláraitheoir: M. Zwozdziak-Carbonne, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus don mhéid a leanas i gCás T-156/23 go háirithe:

– an phléadáil maidir le heaspa dlínse arna tógáil ag an gCoimisiún trí dhoiciméad arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte an 8 Meitheamh 2023,

– barúlacha Phoblacht na Polainne ar an bpléadáil maidir le heaspa dlínse arna dtaisceadh i gClárlann na Cúirte an 24 Iúil 2023,

– an t-ordú maidir leis an bpléadáil maidir le heaspa dlínse a chur leis an mbreithiúnas críochnaitheach ar an 25 Deireadh Fómhair 2023,

tar éis éisteacht an 3 Iúil 2024,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína caingne faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann Poblacht na Polainne go gcuirfí ar neamhní na cinntí ón gCoimisiún Eorpach an 12 Deireadh Fómhair 2022 agus an 23 Samhain 2022, i gCás T-830/22, agus an 13 Eanáir 2023, i gCás T-156/23, maidir le haisghabháil, trí fhritháireamh, na suimeanna arna ndlí di de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil arna ordú ag Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878) le haghaidh na dtréimhsí idir an 15 Iúil agus an 29 Lúnasa 2022 agus idir an 30 Lúnasa agus an 28 Deireadh Fómhair 2022 ('na cinntí atá faoi chonspóid').

Cúlra na díospóide

2 Agus é den tuairim, trí ghlacadh ustawa o zmianie ustawy – Prawo o ustroju sądów powszechnych, ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna, an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile), an 20 Nollaig 2019 (Dz. U. de 2020, mír 190), go raibh mainnithe ag Poblacht na Polainne i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí a bhí uirthi de réir dhlí an Aontais Eorpaigh, thionscain an Coimisiún imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais, an 1 Aibreán 2021, faoin dara fomhír d'Airteagal 258 CFAE mar gheall ar mhainneachtain Bhallstáit ina oibleagáidí a chomhlíonadh, ar cláraíodh faoi uimhir C-204/21.

3 Rinne an Coimisiún iarratas ar bhearta idirlinne faoi Airteagal 279 CFAE chomh maith.

4 Trí ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593), ghlac Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais leis an iarratas sin, trí ordú do Phoblacht na Polainne go gcuirfí ar fionraí, go dtí go dtabharfaí an breithiúnas lena gcuirfí an clabhsúr ar na himeachtaí i gCás C-204/21, idir an fheidhm atá ag forálacha náisiúnta áirithe arna ndéanamh leis an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna, an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile agus éifeachtaí chinntí Izba Dyscyplinarna (Dlísheomra Araíonachta) an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) lenar údaraíodh go dtionscnófaí imeachtaí coiriúla i gcoinne breithimh nó go ngabhfaí an breitheamh sin. D'ordaigh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais do Phoblacht na Polainne go gcuirfeadh sí na bearta arna nglacadh chun géilleadh don ordú sin ina iomláine in iúl don Choimisiún chomh maith, laistigh de mhí amháin ar a dhéanaí ó fhógairt ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593).

5 Trí dhoiciméad arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 16 Lúnasa 2021, d'iarr Poblacht na Polainne go n-aistarraingeofaí ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593). Diúltaíodh don iarratas sin trí ordú an 6 Deireadh Fómhair 2021, *an Pholainn* v *an Coimisiún* (C-204/21 R, EU:C:2021:834).

6 Agus é den tuairim nach raibh na bearta ar fad arna bhforchur le hordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593), glactha ag Poblacht na Polainne, rinne an Coimisiún iarratas nua ar bhearta idirlinne an 7 Meán Fómhair 2021, ar dá réir a chuirfí Poblacht na Polainne faoi oibleagáid íocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil.

7 Trí ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), chuir an Chúirt Bhreithiúnais Poblacht na Polainne faoi oibleagáid íocaíocht EUR 1 000 000 a dhéanamh in aghaidh an lae, ón dáta a chuirtear an t-ordú sin in iúl do Phoblacht na Polainne go dtí an lá a dhéanfadh sí de réir na gceanglas faoi ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593), nó, seachas sin, go dtí lá tugtha an bhreithiúnais lena gcuirfí an clabhsúr ar na himeachtaí i gCás C-204/21.

8 Ó tharla nach ndearnadh fianaise le lánghéilleadh do na gceanglas faoi ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) ag údaráis na Polainne, thaifead an Coimisiún éileamh ar EUR 1 000 000 in aghaidh an lae ón 3 Samhain 2021, go dtí dáta fógartha an ordaithe ar an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878).

9 Trí litir dar dáta an 15 Meitheamh 2022, chuir Poblacht na Polainne in iúl don Choimisiún gurbh inchurtha chun feidhme na bearta arna bhforchur le hordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) ag glacadh ustawa o zmianie ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile) an 9 Meitheamh 2022 (Dz. U., mír 1259, 'Dlí an 9 Meitheamh 2022') agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir leis an gCoimisiún a cheangal a thuilleadh go ndéanfaí na híocaíochtaí go laethúil ar forchuireadh trí ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), ó dháta tagtha i bhfeidhm an Dlí sin, eadhon an 15 Iúil 2022.

10 I litir dar dáta an 20 Iúil 2022, mheas an Coimisiún, in ainneoin go ndearnadh dul chun cinn ó thaobh ceisteanna sonracha áirithe, nár ghéill Poblacht na Polainne do na hoibleagáidí faoi ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593).

Imeachtaí maidir le híocaíocht na bhfiacha arna ndlí de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil le haghaidh na tréimshe idir an 15 Iúil agus an 29 Lúnasa 2022, arb iad na fiacha atá á gcur faoi chonspóid ag Poblacht na Polainne i gCás T-830/22

11 Le litreacha dar dáta an 27 Iúil agus an 29 Lúnasa 2022, d'iarr an Coimisiún ar Phoblacht na Polainne na suimeanna éagsúla a íoc arna ndlí de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil arna bhforchur ag an gCúirt Bhreithiúnais agus chuir sé in iúl di, i gcás nach ndéantar na híocaíochtaí, go ndéanfadh sí iad a aisghabháil trí fhrithláireamh, faoi Airteagal 101(1) agus Airteagal 102 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1; 'an Rialachán Airgeadais').

12 Ansin, thug an Coimisiún fógra foirmiúil do Phoblacht na Polainne na suimeanna sin móide ús ar riaráistí a íoc.

13 Trí chinntí an 12 Deireadh Fómhair agus an 23 Samhain 2022, chuir an Coimisiún in iúl do Phoblacht na Polainne go raibh sé i gceist aige éilimh éagsúla atá aici i leith an Aontais a fhrithláireamh lena fiacha iomlána dar mhéid EUR 63 210 000.

Imeachtaí maidir le híocaíocht na bhfiacha arna ndlí de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil le haghaidh na tréimshe idir an 30 Lúnasa agus an 28 Deireadh Fómhair 2022, arb iad na fiacha atá á gcur faoi chonspóid ag Poblacht na Poblacht na Polainne i gCás T-156/23

14 Trí litreacha dar dáta an 30 Meán Fómhair agus an 28 Deireadh Fómhair 2022, d'iarr an Coimisiún ar Phoblacht na Polainne na suimeanna éagsúla a íoc arna ndlí de réir na gceanglas arna bhforchur ag an gCúirt Bhreithiúnais íocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil.

15 Ansin, thug an Coimisiún fógra foirmiúil do Phoblacht na Polainne na suimeanna sin móide ús ar riaráistí a íoc.

16 Trí chinneadh an 13 Eanáir 2023, chuir an Coimisiún in iúl do Phoblacht na Polainne go raibh sé i gceist aige éilimh atá aici i leith an Aontais de réir an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) a fhritháireamh lena fiacha iomlána dar mhéid EUR 60 270 027.40.

Fíorais i ndiaidh na n-imeachtaí a thionscnamh

17 An 10 Márta 2023, agus í den tuairim gurbh athrú ar an scéal é teacht i bhfeidhm Dhlí an 9 Meitheamh 2022, d'iarr Poblacht na Polainne ar an gCúirt Bhreithiúnais ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), a aistarraingt nó, go tánaisteach, a leasú, de réir Airteagal 163 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

18 Trí ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), laghdaíodh an méid le híoc de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil ar forchuireadh trí ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), go EUR 500 000 in aghaidh an lae ó dháta sínithe an ordaithe sin.

19 Lena breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21, EU:C:2023:442), sheas an Chúirt Bhreithiúnais leis an gcaingean arna tabhairt ag an gCoimisiún de réir Airteagal 258 CFAE agus chinn sí go raibh mainnithe ag Poblacht na Polainne i gcomhlíonadh a hoibleagáidí.

Na orduithe atá á lorg ag na páirtithe

20 Iarann Poblacht na Polainne ar an gCúirt Ghinearálta:

– na cinntí atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– mar mhalairt air sin, agus de réir ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), na cinntí atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach, a mhéid a bhaineann siad le 50 % de na héilimh arna bhfritháireamh;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

21 Iarrann an Coimisiún, go bunúsach, ar an gCúirt Ghinearálta:

– diúltú do na caingne toisc gur tugadh iad os comhair cúirt nach bhfuil sé de dhlínse aici éisteacht leo;

– mar mhalairt air sin, diúltú do na caingne toisc iad a bheith gan bhunús;

– a ordú do Phoblacht na Polainne na costais a íoc.

An dlí

22 I ndiaidh éisteacht leis na páirtithe ina leith sin le linn na héisteachta ina leith sin, chinn an Chúirt Ghinearálta na cásanna seo a uamadh ar mhaithe leis an mbreithiúnas, i gcomhréir le hAirteagal 68(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

Dlínse na Cúirte Ginearálta

23 Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil sé de dlínse ag an gCúirt Ginearálta na caingne seo a bhreithniú. Áitíonn sé, cé gurb iad na cinntí fritháirimh ón gCoimisiún atá i gceist leis na caingne le haghaidh neamhniú, nach mbaineann siad leis na coinníollacha foirmiúla maidir le fritháireamh na suimeanna dá bhforáiltear in Airteagal 101(1) agus in Airteagal 102 den Rialachán Airgeadais ach is í fírinne an scéil go bhféachtar tríothu le cinneadh a dheanamh ag an gCúirt Ghinearálta, i ndiaidh teacht i bhfeidhm Dlí an 9 Meitheamh 2022, an raibh fiach fós ann de réir an cheanglais maidir le híocaíocht EUR 1 000 000 a dhéanamh go laethúil ar forchuireadh trí ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878).

24 Éilíonn an Coimisiún gurbh ionann an scrúdú a dhéanamh ar na caingne, i ndáiríre, agus measúnú a dhéanamh ar ghéill Poblacht na Polainne, trí Dhlí an 9 Meitheamh 2022, do na bearta idirlinne arna bhforchur uirthi trí ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) in imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE. Mar sin féin, dar leis an gCoimisiún, fágann forálacha CFAE nach bhfuil sé de dhlínse ach ag an mbreitheamh ag éisteacht le hiarratas ar bhearta idirlinne ('breitheamh beart idirlinne') measúnú a dhéanamh ar ghéilleadh do bhearta idirlinne. Le linn na héisteachta, mar fhreagra ar cheist de chuid na Cúirte Ginearálta, d'áitigh an Coimisiún go raibh feidhm *mutatis mutandis* maidir leis an gcás seo ag an maolú ar dhlínse a bhaineann le caingne maidir le neamhghéilleadh do bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais arna thabhairt de réir Airteagal 260(2) CFAE.

25 Cuireann Poblacht na Polainne argóintí an Choimisiúin faoi chonspóid.

26 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne gurb í dlínse na Cúirte an dlínse a leagtar amach in Airteagal 256 CFAE, mar a shonraítear le hAirteagal 51 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Fágann an chéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 256(1) CFAE go bhfuil sé de dhlínse ag an gCúirt na caingne dá dtagraítear in Airteagal 263 CFAE go háirithe a bhreithniú ag céadchéim na gcaingne, cé is moite de na caingne a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais amháin de réir an Reachta sin.

27 Thairis sin, de réir Airteagal 51(c) de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is leis an gCúirt Bhreithiúnais amháin, in ainneoin na rialach a leagtar amach in Airteagal 256(1) CFAE, a bhaineann na caingne le haghaidh neamhniú dá dtagraítear in Airteagal 263 CFAE i gcás a dtugtha ag Ballstát agus a mbainte le gníomh de chuid an Choimisiúin maidir le neamhghéilleadh do bhreithiúnas arna thabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais de réir an dara fomhír d'Airteagal 260(2) agus an dara fomhír d'Airteagal 260(3) CFAE.

28 Sa chás seo, ní mór a lua go n-iarrann Poblacht na Polainne go gcuirfí ar neamhní na cinntí ar dá réir a d'fhritháirigh an Coimisiún na suimeanna arna ndlí den Bhallstát sin de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil arna bhforchur ag an mbreitheamh beart idirlinne de chuid na Cúirte Breithiúnais de réir na dlínse atá aici faoi Airteagal 279 CFAE. Mar sin, forchuireadh na ceanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil in imeachtaí a bhí coimhdeach le himeachtaí arna dtionscnamh de bhun Airteagal 258 CFAE mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh.

29 Tagann na caingne seo, arna dtionscnamh de bhun Airteagal 263 CFAE, faoi dhlínse na Cúirte Ginearálta ós rud é nach bhfuil feidhm sa chás seo ag na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 256 CFAE, mar a shonraítear in Airteagal 51 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

30 Go háirithe, murab ionann agus a bhí á áitiú ag an gCoimisiún le linn na héisteachta, níl feidhm *mutatis mutandis* maidir leis an gcás seo ag an maolú maidir le caingne le haghaidh gníomh de chuid an Choimisiún a chur ar neamhní a bhaineann le neamhghéilleadh do bhreithiúnas arna thabhairt ag an gCúirt de réir an dara fomhír d'Airteagal 260(2) CFAE. Go deimhin, tá léiriú cruinn le déanamh ar Airteagal 51(c) de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh toisc go maolaítear leis ar phrionsabal ginearálta dhlínse na Cúirte Ginearálta de réir Airteagal 256(1) CFAE.

31 Dá bhrí sin, níl aon bhunús leis an bpléadáil maidir le heaspa dlínse arna tógáil ag an gCoimisiún agus ní mór diúltú di.

Substaint an cháis

An cuntar éilimh arna dhéanamh go príomha go gcuirfí na cinntí atá faoi chonspóid ar neamhní ina n-iomláine

32 Mar thaca leis an ordú atá á lorg go gcuirfí na cinntí atá faoi chonspóid ar neamhní ina n-iomláine, agraíonn Poblacht na Polainne saincheist dlí amháin, lena n-éilítear sárú ar Airteagail 101 agus 102 den Rialachán Airgeadais, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 98 den Rialachán sin a mhéid a chuir an Coimisiún nós imeachta um aisghabháil trí fhritháireamh i bhfeidhm in ainneoin fiacha gan bheith ag Poblacht na Polainne.

33 Ar mhaithe le fionnadh nach comhlíonta ceann de na coinníollacha maidir le fritháireamh a chur i bhfeidhm, eadhon an fhéich féin a bheith ann, cuireann Poblacht na Polainne dhá shraith argóintí chun tosaigh.

34 Ar an gcéad dul síos, agraíonn Poblacht na Polainne breithiúnas an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) i gcás P 7/20, inar chinn an chúirt sin gur thug an Chúirt Bhreithiúnas rialú *ultra vires* trí ghlacadh na mbeart idirlinne maidir le heagrú agus dlínse

chúirteanna na Polainne, agus maidir le himeachtaí os a gcomhair agus trí oibleagáidí a fhorchur ar Phoblacht na Polainne dá bhrí sin. Mar sin, ní bhaineann prionsabail thosaíocht agus infheidhmeacht dhíreach dhlí an Aontais a leagtar amach in Airteagal 91(1) go (3) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne lena leithéid de bhearta.

35 Áitíonn Poblacht na Polainne, go bunúsach, i bhfianaise an bhreithiúnais de chuid an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i gcás P 7/20, go bhfuil ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) ar neamhréir le hord bunreachtúil na Polainne. Dá bhrí sin, ní raibh sé de cheangal ar Phoblacht na Polainne géilleadh do na bearta idirlinne arna bhforchur uirthi tríd an ordú sin. Luann sí chomh maith gur sheas na cúirteanna bunreachtúla de chuid roinnt Ballstát leis an léiriú ar dá réir a bhfuil sé de dhlínse ag cúirteanna bunreachtúla na mBallstát athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha *ultra vires* an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais.

36 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt chun cuimhne gurb indéanta idir athbhreithniú ar na forálacha náisiúnta maidir le heagrú na gcúirteanna sna Ballstáit i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE in imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, bhearta idirlinne ina leith chun, *inter alia*, na forálacha sin a chur ar fionraí arna n-ordú ag an gCúirt faoi Airteagal 279 CFAE sa chomhthéacs céanna (ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-204/21 R, EU:C:2021:593, mír 54). Mar a luaigh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais i mír 23 d'ordú an 6 Deireadh Fómhair 2021, *an Pholainn* v *an Coimisiún* (C-204/21 R, EU:C:2021:834), ní dhéantar aon athrú ar an léirmheas sin toisc gur dhearbhaigh an chúirt bhunreachtúil go bhfuil a leithéid de bhearta ar neamhréir le hord bunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann.

37 Fágann a bhfuil roimhe seo nach intugtha faoi cheist ag breithiúnas an Trybunał Konstytucyjny (an chúirt bhunreachtúil) i gcás P 7/20 iad na léirmheasanna atá in ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) ná, dá bhrí sin, go bhfuil na fiacha atá faoi chonspóid dlite i ndáiríre.

38 Ar an dara dul sios, áitíonn Poblacht na Polainne gur cuireadh na forálacha náisiúnta dá dtagraítear in ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593), ó fheidhm le teacht i bhfeidhm, ar an 15 Iúil 2022, Dhlí an 9 Meitheamh 2022 agus, dá bhrí sin, nár bhun ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878) le taifeadadh na gceanglas maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil ag an gCoimisiún, le haghaidh na dtréimhsí i ndiaidh an 15 Iúil 2022.

39 Ní mór a lua go n-áitíonn Poblacht na Polainne, trí na hargóintí sin, gur leor glacadh Dhlí an 9 Meitheamh 2022 le háirithiú go ngéillfí do na bearta idirlinne ar fad a leagtar amach in ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593).

40 Rinne an breitheamh beart idirlinne scrúdú ar an gceist sin cheana féin in ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334). Go háirithe, chinn Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais go bhféadfaí a áirithiú go ngéillfí go mór do na bearta idirlinne arna leagan amach in ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) leis na bearta arna gcur i bhfeidhm ag Poblacht na Polainne i ndiaidh ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878) a shíniú. Mar sin, chinn sí, in ainneoin gur glacadh Dlí an 9 Meitheamh 2022, nár ghéill Poblacht na Polainne do na hoibleagáidí faoin ordú sin ina n-iomláine.

41 Dá bhrí sin, i bhfianaise ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), ní mór diúltú do na hargóintí de chuid Phoblacht na Polainne atá bunaithe ar Dhlí an 9 Meitheamh 2022.

42 Tugtar le tuiscint uaidh sin nár léir ar chor ar bith ó na hargóintí arna dtíolacadh go príomha ag Poblacht na Polainne go gcuirfí na cinntí atá faoi chonspóid ar neamhní ina n-iomláine gur sháraigh an Coimisiún Airteagail 101 agus 102 den Rialachán Airgeadais, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 98 den Rialachán sin.

43 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chuntar éilimh go gcuirfí na cinntí atá faoi chonspóid ar neamhní ina n-iomláine.

An cuntar éilimh arna dhéanamh go tánaisteach go gcuirfí na cinntí ar fad atá faoi chonspóid ar neamhní

44 Mar mhalairt air sin, de réir ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), iarrann Poblacht na Polainne ar an gCúirt na cinntí atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann siad le 50 % de na héilimh arna bhfritháireamh. Mar a dheimhnigh Poblacht na Polainne le linn na héisteachta mar fhreagra ar cheist arna cur ag an gCúirt, ní mór an cuntar éilimh sin a thuiscint mar iarratas ar na cinntí atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach.

45 Agraíonn Poblacht na Polainne dhá shaincheist dlí, lena n-éilítear, tríd an gcéad cheann, sárú ar Airteagal 279 CFAE agus prionsabail na comhréireachta, an chomhionannais faoin dlí agus na cosanta dlí éifeachtaí agus, tríd an dara ceann, sárú ar Airteagail 101 agus 102 den Rialachán Airgeadais, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 98 den Rialachán sin, a mhéid a chuir an Coimisiún imeachtaí um aisghabháil fiacha trí fhritháireamh i bhfeidhm, bíodh is gur áirithíodh go mór trí na bearta arna gcur i bhfeidhm ag Poblacht na Polainne go ngéillfí do na bearta idirlinne arna bhforchur trí ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593). I bhfianaise go bhfuil go leor den ábhar céanna sa dá shaincheist dlí, ní mór scrúdú a dhéanamh orthu le chéile.

46 Tugann Poblacht na Polainne chun cuimhne, trí ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), gur laghdaíodh an tsuim le híoc de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil ar forchuireadh trí ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), go EUR 500 000 in aghaidh an lae ó dháta sínithe an ordaithe sin, eadhon an 21 Aibreán 2023. Áitíonn sí gurbh ann do na himthosca ba chúis le cinneadh gur géilleadh go mór do na bearta idirlinne arna leagan amach in ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) agus b'údar le méid na n-íocaíochtaí pionósacha le déanamh go laethúil a laghdú faoi leath roimh ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334). De réir Phoblacht na Polainne, dá bhrí sin, bhíothas ar neamhréir le prionsabal na comhréireachta agus chuathas in aghaidh idir chuspóir na mbeart idirlinne maidir le géilleadh d'ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) agus éifeachtacht an bhreithiúnais le teacht ón gCúirt Bhreithiúnais le cur chun feidhme an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil de réir a lánmhéide le haghaidh na tréimshe idir an 15 Iúil 2022 agus an 28 Deireadh Fómhair 2022.

47 Go háirithe, áitíonn Poblacht na Polainne, trí oibleagáid a thaifeadadh maidir le híocaíochtaí pionósacha EUR 1 000 000 a dhéanamh in aghaidh an lae le haghaidh na tréimhse idir an 15 Iúil agus an 28 Deireadh Fómhair 2022, in ainneoin an dul chun cinn arna dhéanamh trí ghéilleadh do na bearta idirlinne, sháraigh an Coimisiún a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le héifeachtacht bhreithiúnas le teacht ón gCúirt Bhreithiúnas. Mar sin, b'ionann na ceanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh arna dtaifeadadh ag an gCoimisiún agus 'leathphionóis', mar atá ar neamhréir le hAirteagal 279 CFAE. Cuireann Poblacht na Polainne leis sin nach fiacha a bhí ann cheana de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 den Rialachán Airgeadais atá in 50 % den éileamh fritháirithe a thuilleadh.

48 De réir Phoblacht na Polainne, bhí ar an gCoimisiún, de réir ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), lenar forchuireadh na ceanglais i gceist maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil, athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart idirlinne agus é a chur san áireamh ina chinntí fritháirimh.

49 Cuireann an Coimisiún na hargóintí de chuid Phoblacht na Polainne faoi chonspóid.

50 Trína hargóintí, cuireann Poblacht na Polainne i leith an Choimisiúin, go bunúsach, gur aisghabh sé na suimeanna ar fad arna ndlí de réir na gceanglas maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil le haghaidh na tréimhse idir an 15 Iúil agus an 28 Deireadh Fómhair 2022, bíodh, mar a deimhníodh le hordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), is gur ghéill Poblacht na Polainne go mór, trí Dhlí an 9 Meitheamh 2022, do na bearta idirlinne arna bhforchur uirthi trí ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593).

51 Mar réamhphointe, a mhéid a thagraíonn Poblacht na Polainne d'ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), a rinneadh i ndiaidh na gcinntí faoi chonspóid agus nach bhfuil inchurtha san áireamh agus na cinntí sin á nglacadh mar sin, is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne nach bhféachtar trí iarratas arna thíolacadh de réir Airteagal 163 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais le neamhniú cúlghabhálach ordaithe lenar deonaíodh beart idirlinne ach le hathrú nó aisghairm amháin, ós in-athmheasta, i gcomhair lena bhfuil le teacht amháin, a leithéid d'ordú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí athmheasúnú a dhéanamh, i bhfianaise na n-imthosca a bhí ann roimh dháta a chinnidh, ar na forais fhíorasacha agus dlí a bhí ina n-údar *prima facie* le deonú an bhirt idirlinne i gceist (féach ordú an 19 Bealtaine 2022, *Poblacht na Seice* v *an Pholainn (Mianach Turów)*, C-121/21 R, nár foilsíodh, EU:C:2022:408, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Tugtar le tusicint uaidh sin nach bhféadfaí a fhéachaint trí iarratas arna dhéanamh de réir na forála sin leis na héifeachtaí a thabhairt faoi cheist a bhí ag ordú lenar deonaíodh beart idirlinne (ordú an 19 Bealtaine 2022, *Poblacht na Seice* v *an Pholainn (Mianach Turów)*, C-121/21, nár foilsíodh, EU:C:2022:408, mír 23).

53 Mar a tugadh chun cuimhne i mír 18 thuas, trí mhír 113 d'ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), laghdaíodh an tsuim le híoc de réir an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil arna fhorchur trí ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), go EUR 500 000 in aghaidh an lae le

haghaidh a bhfuil le teacht, ón 21 Aibreán 2023, arb é sin dáta sínithe an ordaithe in *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334).

54 Sa chás seo, glacann na páirtithe le héifeacht *ex tunc* a bheith ag ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334). Go deimhin, ní raibh éifeacht ach as sin amach ag laghdú maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh de réir ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:878). Dá bhrí sin, ní bhaineann an laghdú sin leis na suimeanna arna ndlí de réir na tréimhse roimh an 21 Aibreán 2023 ach leis na méideanna arna ndlí as sin amach.

55 Tá na páirtithe ar mhalairt tuairime, áfach, faoi réim an róil atá ag an gCoimisiún, mar institiúid a bhfuil sé de chúram uirthi buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 317 CFAE, i gcur i bhfeidhm na gceanglas maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil arna n-ordú de réir Airteagal 279 CFAE. Measann Poblacht na Polainne go raibh an Coimisiún faoi oibleagáid, de réir ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), lenar forchuireadh an ceanglas i gceist maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil, athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart idirlinne agus é a chur san áireamh ina chinntí fritháirimh, bíodh, de réir an Choimisiúin, nár cheadmhach dó gan an ceanglas maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go laethúil a thaifeadadh, ná an tsuim di a laghdú.

56 I ndáil leis sin, ó thaobh na gceanglas de chuid an Choimisiúin, is tábhachtach a chur i dtreis nár bunaíodh trí CFAE nós imeachta um chur chun feidhme na gceanglas maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil a fhorchuirtear de réir Airteagal 279 CFAE.

57 Mar sin féin, a mhéid, de réir Airteagal 279 CFAE, a ordaíonn an breitheamh beart idirlinne do Bhallstát íocaíocht phionósach a dhéanamh go laethúil leis an gCoimisiún agus, de réir Airteagal 317 CFAE, a chuireann an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme, is faoin gCoimisiún atá sé na suimeanna a aisghabháil atá dlite do lucht bhuiséad an Aontais de réir an ordaithe lena gceanglaítear go ndéanfaí an íocaíocht phionósach sin, i gcomhréir le forálacha na Rialachán arna nglacadh de réir Airteagal 322 CFAE.

58 Sa chás seo, socraíodh le hordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878) idir mhéid na híocaíochta pionósaí le déanamh go laethúil, nach ndearnadh athrú air go dtí an 21 Aibreán 2023 agus fhad an cheanglais sin maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh. Go háirithe, rinneadh gur túsdáta an cheanglais maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh é dáta fógartha an ordaithe sin agus gur teorainn ama leis é an lá a dhéanann Poblacht na Polainne de réir na gceanglas faoi ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) ina n-iomláine nó, seachas sin, dáta tugtha an bhreithiúnais lena gcuirtear an clabhsúr ar na himeachtaí i gCás C-204/21.

59 Mar sin, fágann ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878) go bhfuil an íocaíocht phionósach dlite agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé le háirithiú go n-aisghabhfaí é go dtí go ndéanann Poblacht na Polainne de réir na gceanglas arna leagan amach i bpointe 1(a) go (e) de chuid oibríochtúil ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593) ina n-iomláine.

60 Os a choinne sin, ní fhágann ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878) gurbh inlaghdaithe ag an gCoimisiún suim na n-íocaíochtaí pionósacha le déanamh i gcás ina ndéantar dá réir go páirteach. Ina theannta sin, thabharfaí faoi cheist údarás ordú an 27 Deireamh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), trína ndearna Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais gurbh é EUR 1 000 000 suim na n-íocaíochtaí pionósacha a bhí le déanamh go laethúil trí ghlacadh leis gur féidir leis an gCoimisiún, nó go bhfuil air, suim na n-íocaíochtaí pionósacha le déanamh go laethúil a athrú de réir an mhéid a ghéilleann Poblacht na Polainne do na ceanglais faoi ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593).

61 Mar a tugadh chun cuimhne i mír 10 thuas, mheas an Coimisiún, trí litir an 20 Iúil 2022, in ainneoin an dul chun cinn arna dhéanamh, nár áirithíodh le Dlí an 9 Meitheamh 2022 go ngéillfí do na ceanglais ina n-iomláine faoi ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593), rud ar deimhin gur dhearbhaigh an breitheamh beart idirlinne in ordú an 21 Aibreán 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334). Ós rud é nár cinneadh gur géilleadh do na ceanglais thuasluaite ina n-iomláine, ba é ó cheart a chuir an Coimisiún an oibleagáid chun feidhme maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh de réir a lánmhéide le haghaidh na tréimhse idir an 15 Iúil agus an 28 Deireadh Fómhair 2022.

62 Ina theannta sin, ní mór diúltú d'argóint Phoblacht na Polainne chomh maith ar dá réir a bhí forfheidhmiú iomlán na híocaíochta pionósaí le haghaidh tréimhse ón 15 Iúil go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2022 ar neamhréir le prionsabail na comhréireachta agus an chomhionannais faoin dlí. Go deimhin, tugtar le tuiscint lena leithéid d'argóint gurbh indéanta athbhreithniú comhréireachta ag an gCoimisiún i ndáil le hordú idirlinne ó Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais agus athrú ar mhéid na híocaíochta pionósaí arna forchur, ar dá réir a thugtar faoi cheist údarás a leithéide d'ordú. Níl aon fhoráil den Chonradh ná den dlí tánaisteach inléirithe sa chaoi gurb indéanta a leithéid ag an gCoimisiún, áfach.

63 Thairis sin, a mhéid a líomhnaíonn Poblacht na Polainne sárú ar phrionsabal na cosanta dlí éifeachtaí a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór a thabhairt chun cuimhne go raibh leigheas dlí aici, ón 15 Iúil 2022, arbh é dáta tagtha i bhfeidhm Dhlí an 9 Meitheamh 2022, ar dá réir arbh iniarrtha ar an mbreitheamh beart idirlinne go gcuirfí deireadh nó laghdú ar an gceanglas maidir le híocaíochtaí pionósacha a dhéanamh go tréimhsiúil de réir Airteagal 163 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Mar sin féin, ní dhearna sé iarratas ar ordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878) a chúlghairm nó a athrú, de réir na forála sin, díreach i ndiaidh theacht i bhfeidhm Dhlí an 9 Meitheamh 2022, ach ar an 10 Márta 2023 amháin.

64 I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, ní mór a chinneadh nár léir aon sárú ar Airteagal 279 CFAE ná ar Airteagal 101 agus 102 den Rialachán Airgeadais, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 98 den Rialachán sin, ná ar phrionsabail na comhréireachta, an chomhionannais faoin dlí ná na cosanta dlí éifeachtaí ón scrúdú arna dhéanamh ar na forais arna dtíolacadh ag Poblacht na Polainne mar thaca lena hiarratas, arna dhéanamh go tánaisteach, ar neamhniú páirteach na gcinntí atá faoi chonspóid.

65 Dá réir sin, ní mór diúltú don chuntar éilimh go gcuirfí na cinntí atá faoi chonspóid ar neamhní go páirteach agus do na caingne ina n-iomláine.

Costais

66 Faoi Airteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

67 Ós rud é nár éirigh le Poblacht na Polainne, ní mór a ordú di na costais a íoc i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. Déantar Cásanna T-830/22 agus T-156/23 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais.

2. Diúltaítear do na caingne.

3. Ordaítear do Phoblacht na Polainne na costais a íoc.

Marcoulli Schwarcz Tomljenović

Valasidis Spangsberg Grønfeldt

Arna thabhairt i gcúirt phoiblí i Lucsamburg, an 5 Feabhra 2025.

Sínithe